2024/1764

24.6.2024

CINNEADH (AE) 2024/1764 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Meitheamh 2024

lena n-údaraítear an Coimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir le Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(1) agus (2), Airteagal 83(1) agus (2), agus Airteagal 87(2) i gcomhar le hAirteagal 218(3), pointe (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta ('an Coinbhinsiún') an 2 Aibreán 2009. Tá an Coinbhinsiún sínithe ag 25 Bhallstát, agus dhaingnigh 23 díobh é.

(2) An 23 Samhain 2023 ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa na Téarmaí Tagartha lena mbunaítear an Coiste Saineolaithe um Aisghabháil Sócmhainní Coiriúla ('na Téarmaí Tagartha'). Tá sé de chúram ar an gCoiste Saineolaithe maidir le hAisghabháil Sócmhainní Coiriúla, faoi údarás Choiste na nAirí agus an Choiste Eorpaigh um Fhadhbanna Coireachta prótacal breise a ullmhú lena bhforlíontar an Coinbhinsiún ('prótacal breise'). Cuireadh tús leis an obair sin an 29 Bealtaine 2024 agus tá sí le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2025.

(3) De réir na dTéarmaí Tagartha sin, tá forálacha le bheith sa phrótacal breise 'chun deimhneacht agus comhsheasmhacht maidir le sócmhainní coigistithe a chomhroinnt idir na Stáit is Páirtithe i gcásanna trasnáisiúnta a fheabhsú, forálacha chun bainistiú éifeachtúil agus éifeachtach sócmhainní urghafa, coigistithe agus aisdúichithe a áirithiú, lena n-áirítear cinntí coigistíochta a dhéanamh, forálacha chun tabhairt isteach nósanna imeachta coigistithe nach bhfuil bunaithe ar chiontú agus nósanna imeachta leathnaithe in ábhair choiriúla a éascú, lena n-áirítear comhar maidir le hiarrataí i gcásanna trasnáisiúnta agus maidir leis na hiarratais sin a dhéanamh agus aon saincheist eile a mheasann an Coiste Saineolaithe um Aisghabháil Sócmhainní Coiriúla mbeadh tionchar aige maidir leis an gcomhar idir na Páirtithe a neartú i ndáil le haisghabháil sócmhainní'.

(4) Tá rialacha comhchoiteanna glactha ag an Aontas cheana féin a fhorluíonn den chuid is mó le gnéithe áirithe atá á meas maidir le hábhar an Phrótacail bhreise. Áirítear ar na rialacha comhchoiteanna sin go háirithe Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] agus Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2], a chuireadh in ionad Threoir 2014/42/AE [3]. Thairis sin, tá Cinntí Réime 2003/577/CGB [4] agus 2006/783/CGB [5] ón gComhairle fós infheidhme sa chaidreamh idir Ballstáit áirithe. D'fhéadfadh gnéithe sonracha den Phrótacal breise difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna dhlí an Aontais nó iad a athrú ó thaobh raon feidhme de, de réir bhrí Airteagal 3(2) den Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta (IO L 303, 28.11.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1805/oj).

[2] Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L, 2024/1260, 2.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1260/oj).

[3] Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/42/2014-05-19)

[4] Cinneadh Réime 2003/577/CGB an 22 Iúil 2003 ón gComhairle maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach d'fhonn maoin nó fianaise a reo (IO L 196, 2.8.2003, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2003/577/oj).

[5] Cinneadh Réime 2006/783/CGB an 6 Deireadh Fómhair 2006 ón gComhairle maidir le feidhm a bheith ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le horduithe coigistíochta (IO L 328, 24.11.2006, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2006/783/oj).

(5) Chun sláine dhlí an Aontais a chosaint agus chun comhsheasmhacht a áirithiú idir rialacha an dlí idirnáisiúnta agus rialacha dhlí an Aontais, is gá don Choimisiún páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir leis an bprótacal breise, maidir leis na hábhar a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar a shainítear sna Conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith nó a bhfuiltear ag súil lena nglacadh amach anseo.

(6) Tá an Cinneadh seo gan dochar do dheighilt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit mar a shainítear sna Conarthaí, do rannpháirtíocht na mBallstát sa chaibidlíocht ar ábhair nach n-áirítear sa sainordú a tugadh don Choimisiún, nó d'aon chinneadh a dhéanfar ina dhiaidh sin chun an Coinbhinsiún a thabhairt chun críche.

(7) Cuirtear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo faoi bhráid an Choimisiúin agus féadtar iad a athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu más iomchuí ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfar sa chaibidlíochta.

(8) I bhfianaise na mBallstát uile a bheith ina gComhaltaí de Chomhairle na hEorpa freisin, ba cheart do na Ballstáit atá rannpháirteach sa chaibidlíocht maidir leis an bprótacal breise, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis dá dtagraítear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu, tacaíocht a thabhairt d'idirbheartaí an Aontais agus na cúraimí a eascraíonn as na Conarthaí á gcomhlíonadh acu.I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn an phróisis caibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmháil rialta a dhéanamh le saineolaithe na mBallstát agus lena n-ionadaithe in Strasbourg.

(9) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún páirt a ghlacadh i gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar a shainmhínítear sna Conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith nó a bhfuiltear ag súil lena nglacadh amach anseo, le haghaidh prótacal breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú na bhFáltas ó Choireacht agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo. D'fhéadfadh an Chomhairle treoracha breise a eisiúint ina dhiaidh sin chuig an Coimisiún.

Airteagal 2

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla ('Meitheal COPEN'), a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) de CFAE.

Tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta do Mheitheal COPEN maidir le dul chun cinn na caibidlíochta agus cuirfidh sé gach doiciméad caibidlíochta ar aghaidh chuig an gcoiste sin a luaithe is féidir.

Arna iarraidh sin don Chomhairle, tuairisceoidh an Coimisiún di maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

N. DE MOOR